Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**14616/25**

**LIMITE**

**SAN 682**
**PHARM 148**
**COVID-19 20**
**PROCIV 137**
**TRANS 504**
**MAR 144**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe |
| Ábhar: | Dearbhú ón Aontas Eorpach agus na Ballstáit maidir leis an ráiteas a chuir Poblacht na Tuirce faoi bhráid Ard-Stiúrthóir EDS an 14 Iúil 2025 maidir leis na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, an dréachtdearbhú ón Aontas Eorpach (an tAontas) agus na Ballstáit maidir leis an ráiteas a chuir Poblacht na Tuirce faoi bhráid Ard-Stiúrthóir EDS an 14 Iúil 2025 maidir leis na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta.

**IARSCRÍBHINN**

**Dréachtdearbhú ón Aontas Eorpach (an tAontas) agus na Ballstáit maidir leis an ráiteas a chuir Poblacht na Tuirce faoi bhráid Ard-Stiúrthóir EDS an 14 Iúil 2025 maidir leis na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta**

PUBLIC

Is uirlis an-éifeachtach iad na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (RSI) chun an nasc idir na córais faireachais a threisiú agus sásraí mearfhreagartha a bhunú. Leanfaidh an tAontas agus a 27 mBallstát de thacaíocht a thabhairt do chur chun feidhme Airteagal 57 de RSI ina iomláine agus gan srianta.

Tugann an tAontas agus a 27 mBallstát dá n-aire go bhfuil sé ar intinn ag an Tuirc forálacha RSI a chur chun feidhme i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le córas na gCaolas, a síníodh in Montreux an 20 Iúil 1936.

Tuigeann an tAontas agus a 27 mBallstát gur mian le húdaráis na Tuirce a n-oibleagáidí idirnáisiúnta a urramú, mar shampla Coinbhinsiún Montreux maidir le trácht sna Caolais. I ndáil leis sin, ba mhaith leo tagairt a dhéanamh d’Airteagal 57 de RSI, lena bhforáiltear go n-aithníonn na Stáit is páirtithe gur cheart RSI agus comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha eile a léirmhíniú ionas go mbeidh siad comhoiriúnach. Ní dhéanfaidh forálacha RSI difear do chearta ná d’oibleagáidí aon Stáit is páirtí a eascraíonn as comhaontuithe idirnáisiúnta eile.

Maidir leis an tagairt a dhéanann an Tuirc do reachtaíocht inmheánach nach bhfuil aon tionchar díreach aici ar chur chun feidhme RSI, tuigeann an tAontas agus a 27 mBallstát go n-áiritheoidh an Tuirc go n-urramófar go hiomlán fuarlitir agus spiorad RSI agus córas saoirse loingseoireachta sna Caolais mar a bunaíodh le Coinbhinsiún Montreux agus a reachtaíocht inmheánach á cur i bhfeidhm.